

—2016—

# Ó Cadhain: An ag Doras an Bháis atá Lorg a Láimhe Anois?

Joe Steve Ó Neachtain

(CATHAOIRLEACH: MEIDHBHÍN NÍ ÚRDAIL)

## **Laoch ar lár**

Bhí sliocht Gaeltachta, is sliocht Galltachta,  
Uaisle is ísle, úr is críon na haoise,  
Báinín is bréidín dealaithe ó bhónaí bána is ó fháinní Gaeilge,  
Ach iad go léir go brónghlórach ag cású an ábhair chéanna—  
Bhí Ó Cadhain ansin sínte ar leac,  
A sheal sa saol seo thart.

Rugas ar do lámh, a Mháirtín, bhí sí fuar;  
Le halltacht dhearcas do dhreach,  
Ní raibh deoir i do ghrua;  
Ansin ba léir dhom go bhfuair an bás an bua.

Shileas deoir is ní gan fáth,  
Bhí ár bhfuíoll na bhfuíoll gan bhrí ag feall na bhfeall;  
Do cholainn bhríomhar anois ina corp gan cor,  
Is, a Mhac Mhuire, arbh iontas tocht is gol?

Bhí rian do shaothair i roic do lámh,  
A bhí anois mar chomhartha na croise ar d'ucht,

Crois a d'iompraís, dhuit fhéin gan scrupaill—  
 Seal bocht nocht ar ghannchuid is tú i do mhalrach,  
 Seal díbriithe as post de bharr cladhairacht sagairt,  
 Seal ag treorú pinn thrí leathnaigh gheala,  
 Seal ag fulaingt páis nuair a sciob an bás clann d'athar,  
 Seal i gcruatan géibhinn, móide gach seal le chéile;  
 An toradh—gur féidir linne anocht ár n-éigse a chleachtadh.

Do bheola i bhfastó daingean i roic an éadain tharraingthe  
 Ag falach teanga amplach aibí,  
 Teanga a chriothnaigh, a líonraigh, a choip, a chráigh,  
 a mhartraigh, is a mhaslaigh;  
 Nár thréig ariamh an cás, cás a chuir lámh i do bhás.  
 Ba gnaíúla leatsa an bás ná slogadh plámás meata.

Bhí tú ciúin anois, bhí tú séalaithe socair—bhí tú marbh;  
 Ach ní raibh do ghlór marbh;  
 Tá do ghlór neadaithe go doimhin in intinn fir.  
 Tá do sprid á ngríosú, á mborradh is á maíomh 'un nirt,  
 Troid ar son an chirt,  
 A namhaid ná tar isteach, nó ní thabharfaidh tú do chosa slán amach.

Más go hamaitéarach féin é, sin iad na focla a tháinig amach ó mo chroí le linn thórramh agus shochraid Mháirtín Uí Chadhain. Cionn tSáile eile, a dúirt Máirtín Ó Direáin, sa dán breá a chum sé féin in ómós Uí Chadhain ag an tráth sin. Ba ghnáúil an mhaise do Ó Direáin comaoin Uí Chadhain ar an saol Gaelach a thréaslú leis. Ní raibh Ó Chadhain chomh gnaíúil céanna le saothar an Direánaigh. File Hy Brasil a thug sé mar leasainm air. Níl a fhios agam an ag súgradh nó dáiríre a bhí sé nó ag cothú míoscáise d'aon uaim amháin nuair a mhaslaigh sé saothar na bhfilí i gcomórtas le téagar úrscéil. Bhí beagán de chath na bpunann idir é féin agus Seán Ó Ríordáin ach sé mo bharúil gurbh é troid na mba maol é i bhfianaise an méid filí a chuir peann le pár in ómós Uí Chadhain. Dhá véarsa le file áitiúil, Máire Uí Fhlaitheartaigh as an gCeathrú Rua, deirfiúr le Tomás Mac Eoin, atá mé ag dul a aithris, mar shampla den ómós a bhí acu do smaointe, do bhriathra is do ghníomhartha Uí Chadhain i gcaitheamh a shaoil:

### **Máirtín Ó Cadhain**

In uaigneas Chré na Cille anocht,  
 Tá laoch de scoth na bhfear ina chorp,  
 A raibh cuislí a chroí ariamh gan stop,  
 A' preabadh le grá ó dhoimhneacht 'uicht,  
 A chreid nár cheart binn béal 'na thost,  
 A labhair go hard i nglór gan tocht,